

TAOBH ISTIGH

Ceardlanna sa Scoil 2

Imeachtaí na hIdirbhlana 2

An Rás 5k 2

Cursaí Spóirt 3

Scátáil roimh an Nollaig 3

Oilimpiad Matamaitice na hÉireann 4

Comórtas Ealaíne 4

Lá Oscailte & Dátaí don Dialann 4

Coláiste Chroí Mhuire

E A G R Á I N 6

E A N A I R 2013

Focal ón bPríomhoide

Cuirim fáilte ó chroí roimh an eagrán is déanaí de chuid irisleabhar na scoile, agus glacaim buíochas le Neasa Uí Choileáin as ucht a cuid oibre ar an nuachtlitir seo. Is í Neasa a choinníonn ár suíomhidirlín www.ccm.ie thuas chun dáta freisin, agus cuireann sí fáilte roimh scéalta nua ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltai. Tugann an nuachtlitir seo agus www.ccm.ie deis íontach dúinn imeachtaí na scoile a aithint agus a cheiliúradh le chéile. Ba bhreá linn go mbeadh sé de nós ag pobal na scoile cuairt rialta a thabhairt ar an suíomh, chun an féilire a fheiceáil agus chun sult a bhaint as an ngailearaí de phictiúir. Tá togra na Leabharlainne ag dul go maith go dtí seo. Táimid an-bhuíoch do na tuismitheoirí agus do na seantuismitheoirí a d'fhág isteach leabhair chugainn. Táimid fós ag cur fáilte roimh aon leabhair ar mhaith le tithe bronnadh ar an leabharlann. Déanann Bróna Ní Uallacháin agus rang na hIdirbhlana an-obair ag cur ord agus eagar ar an seomra.

Déanann muid comhgháirdeachas le rang na hArdteiste 2012, d'éirigh go sármhaith leo sna scrúduithe agus tá a bhformhór imithe ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal anois. Tá súil againn go bhfuil siad ag baint tairbhe agus taitneamh as a gcuid ama ansin. Tá an chéadbhliain socraithe isteach i saol CCM faoi seo, agus cuireann said go mór leis an scoil, ar ghach bealach. Glacann muid buíochas le gach éinne a ghlac páirt sa rás spraoi, le déanaí. Bhí an aimsir lofa ach ba mhór an spórt í mar ócáid. Chuir Hilary Vesey agus rang na hIdirbhlana go leor oibre isteach ag eagrú an lae agus táimid go mór faoina gcomaoin dá bharr. Tá saol scoile saibhir againn agus tá go leor ag tarlú, idir acadúlacht agus spórt, idir díospóireacht, robataice, scátáil, díolacháin cácaí, comórtais ealaíne agus an uile rudaí eile agus is ceart sin.



Dearbhail Ní Chaoimh ón 4ú BÍ a fuair 9"A" agus 2 "B" sa teastas sóisearach anuraidh. Maith thú Dearbhail!

Ach ar nós aon chlann, bíonn amannta ann go mbíonn muid faoi bhrón. Ar an ábhar sin, guíonn muid grásta ó Dhia ar Kenneth Devaney, ar Mhicheál Ó Droighneain agus ar Mhicheál Jennings, triúr thuismitheoir a fuair bás ó mhí Meán Fomhair. Ar dheis Dé go raibh a gcuid anamacha.

Triona Uí Mhurchú



SCOLÁIREACHTAÍ ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Bronnadh "Scoláireachtaí Áras Chois Fharraige" ar Aoifáine Ní Laoi & Stiofáin Ó Fátharta le déanaí. Tá an bheirt acu ag traenáil mar altrai faoi láthair.

Obair Charthanachta

Déantar an-iarracht sa scoil i gconai cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí carthanachta ó thaobh airgead a bhailiú dóibh. Ag tús na bliana bhí lucht na hIdirbhlana ag bailiú airgid taobh amuigh de na siopaí áitiúla ar son Enable Ireland

Ar an 11/12/12 d'eagraigh Iníon Ní Ráinne díolachán cácaí ag am lóin. Thug scoláirí na scoile táirgí isteach

le díol agus bhacáil rang eacnamaíocht bhaile 3ú bliain táirgí ar an lá. Bailíodh €345 don eagraíocht Bóthar a thugann cúnamh do dhaoine sa 3ú domhain.

Roimh an Nollaig rinneadh bailiúcháin bia ar son Naomh Uinseann de Phól agus tá an scoil thar a bheith buíoch as bhur gcuid tacaíochta sna bailiúcháin seo ar fad.

Ferdia MacAonghusa & Neill Ní Chonláin (Idirbhliain) ag bailiú airgid ar son Enable Ireland



Ceardlanna Matamatic, Francise & Seó Eolaíochta

Thug ranganna na tríú bliana cuairt ar Ollscoil na Gaillimhe ar an 15ú Deireadh Fómhair mar chuid de Sheachtain na Matamatic. Ansin, ghlac siad páirt i gceardlann matamatic a bhí curtha i láthair ag Andrew Jeffery, an “Mathemagician”. Le gairid thug an t-eolaí Sasanach Dr Ken Farquhar cuairt ar an scoil le seó Eolaíochta (Entertaining Science Circus Show) a chur ar siúl mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta. Ag tús Mí na Samhna tháinig “French Theatre for Schools” chuig an scoil agus cuireadh ceardlann den scoth ar fáil do na ranganna sóisearacha. Bhain na daltaí an-sult as páirt a ghlacadh ins na ceardlanna uile. Bhí na ceardlanna spraoiúil agus greannmhar, rud a mhúscaill suim úr sna hábhair.



Imeachtaí na hIdirbhlana



Caoimhe Ní Chonghaile(3ú) agus a deirfiúr Sadhbh (1ú): buaiteoirí comórtas Agallamh Beirte an Oireachtais 2012. Faoi 15.

Mar is gnách, tá lucht na hIdirbhlana gnóthach agus gníomhach le cúrsaí agus imeachtaí éagsúla. Is iad na h-imeachtaí eischuraclam atá ar bun acu i mbliana ná: cúrsa garchabhrach, cúrsa ar Shláinte Intinn Dearfach, ceardlann filíochta, agus an cúrsa ECDL.

Tá cúpla turas laethúil déanta acu idir taispéantais eolaíochta, scannán francise, ceardlann mata, turas stairiúil ar chathair na Gaillimhe &rl. Gan dabht tá siad ag tnúth go mór leis an turas go Barcelona i mí Aibreáin.

Tá forbairt phearsanta an dalta lárnach i ngach gné den Idirbhliain ach cuireann an obair dheonach shóisialta a rinneadh roimh an Nollaig go mór le seo.

Fuair na scoláirí deis taithí oibre a fháil in eagraíocht



dheonach a bhí roghnaithe acu féin. I mbliana roghnaíodh cuid de na heagraíochtaí seo a leanas: Oxfam, Naomh Uinsinn de Pól, Enable Ireland, Citizens Information Bureau, GSPCA, Siopaí Carthanachta, Madra, Áras Cois Fharraige agus Áras Mhic Dara. Bhain siad taitneamh agus tairbhe as an deis.

Rás 5 Ciliméadar - 2/12/12



CADHCÁIL

Roinnt daltaí ó lucht Cadhcála na scoile.

B'iontach an t-atmaisféar a bhí sa scoil maidin an rása seo. B'uafásach an mhaidin a bhí ann ach níor éirigh leis sin cur isteach ar bhreis agus 150

rannpháirtithe a rith nó a shiúl sa rás spraoi.

Tá ardmholadh tuillte ag Hilary Vesey

(Comhordaitheoir na hIdirbhlana) as ucht a cuid dúthrachta agus a



RÁS 5K

cuid díograise agus í ag eagrú an rása seo. Comhghairdeachas leo siúd ar fad a ghlac páirt, tá an scoil thar a bheith buíoch daoibh as ucht bhur dtacaíochta.

Tá torthaí an chéad 20 agus pictiúir ón rás le feiceáil ar an suíomh idirlín.

Cursaí Spóirt

An Pheil Gaelach - Bliain 1 & Bliain 2

Tar éis roinnt seisiúin traenála leis an Máistir Ó Mainín agus le hOifigeach Forbartha an CLG, Páraic Ó Conaire, agus cluichí dúshlánacha, bhí a gcéad cluiche ag na leads anseo sa Spidéal ar an 28/11/2012, in aghaidh Coláiste Chnoc na Mara as Cinn Mhara, a bhí faoi bhainistíocht ár iar-scoláire Séamus Ó Conghaile as Cnoc na hAille.

Tá peileadóirí as Cumainn Pheile Mhaigh Cuillinn, Micheál Breathnach, An Spidéal, Leitir Móir agus Bearna ag freastal ar an scoil agus is cinnte go bhfuil bunús maith faighte acu. D'imir Jack Ó Braonáin go maith sa chúl, bhí na lán-chúlaithe Niall Cox, Eoghain Breathnach agus Oisín Ó Neachtain i gceannas i rith an chluiche. Níor thug Cathal Ó Gabhnáin, Cian Mac Lochlainn ná Gearóid Ó Conghaile tada éasca uathu sa líne leath-chúil agus is iomaí ionsaí a thosaigh uathu.

I lár na páirce bhí an-chluiche ag Evan Ó Cadhain agus ag Éamon Ó Conláin, agus d'ardaigh said an brat bán go minic, cé go raibh fir mhóra á marcáil.

Rinne Conal Ó Currín, Fionn Mac Donncha agus Conal Ó Caoimh an-obair sa líne leath-thosaigh agus fuair siad go leor scóranna. Bhí Rónán Ó Dioráin, Aodhán Comerford agus Pádraig Ó Ceallaigh ag fáil an ceann is fearr ar a gceili comhraic go minic. An rud is suntasaí faoin bhfoireann ná líon na n-imreoirí maithe a bhí ar an taobh-líne. D'imir Jason Ó Ceallaigh, Conor Breathnach, Cathal Mac an Iomaire, Shane Taafe, Shane Mac Fhlannacha, Evan Breathnach, Ceillán Ó Linnáin, Paddy Ó Curraoin agus Iarla Ó Féinneadh sár-chluichí nuair a tugadh isteach iad, tá Fergal Feirtéir, Eoin Seoighe, Seán Ó Nualláin agus Iain Ó Nuannáin ar fáil arís, beidh an-choimhlint ann chun áit a fháil ar an bhfoireann sna blianta romhain.

Níos mó eolais ar na cluichí, cé a scóráil &rl le fáil ar www.ccm.ie



Foireann Sinsireach Cispheile a chaill cluiche ceathrú ceannais in aghaidh Ghleann an Mhadaigh le gairid. Beidh comórtas foirne na chéad bliana agus dara bliana ag tosú i Mí Feabhra.

Comhghairdeachas le.....



Conor Ó Cadhain (4ú), atá roghnaithe ar phainéal Rugbaí na hÉireann, Faoi 18.
Shane Mac Risteaird (4ú), roghnaithe mar chúl báire ar fhoireann pheile na Gaillimhe, Faoi 16.

Áine Ní Dhonnacha (2ú), atá roghnaithe ar phainéal cispheil na hÉireann, faoi 15.
Sorcha Ní Fhríghil, (3ú) foireann chamógaíochta na Gaillimhe, faoi 14.



Rónán Ó Dioráin (1ú), a fuair an dara háit i gCluichí Phobal Uile Éireann-Rothaíocht.
Conall Ó Caoimh (1ú), Buaiteoir Chraobh Chonnachta Leadóg, faoi 14.



Oilimpiad Matamaitice na hÉireann 2012



Bhí an scoil páirteach i mbabhta a haon de Oilimpiad na Matamaitice arís i mbliana. Déanaimd comhgháirdeas leis an triúr is fearr: **Aaron Ó Crócaigh**(5ú), **Kevin Ó Donabháin**(4ú) agus **Liam Watts**(4ú). Beidh deis acu freastal ar ranganna matamaitice in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an téarma seo chugainn chun iad a ullmhú don dara babhta a bheidh ar siúl san Earrach. Go n-éirí leo!

Lá Oscailte, 2013

Ná déanaigí dearmad ar ár **Lá Oscailte** a bhéas ar siúl ar an **Domhnach 27ú Eanáir**. Beidh sé ar siúl ón 12.00 go dtí a 2 san iarnóin. Beidh clarú don scoilbhliain 2013-2014 ar siúl ar an lá, agus is féidir na foirmeacha iarratais a fháil ón scoil. Tosóidh an lá le caint ón bPríomhoide/Leasphríomhoide, agus ina dhiaidh sin beidh deis ag teaghligh turas na scoile a dhéanamh.

Dátaí don Dialann

- ✓ 27ú Eanáir : Lá Oscailte, Domhnach 12.00-2.00
- ✓ 11-15ú Feabhra : Briseadh meántearma.
- ✓ Bréagscrúdaithe taréis an bhriseadh meántearma.
- ✓ 18ú Márta : Lá saoire bainc
- ✓ 25ú Márta – 5ú Aibreán : An Cháisc
- ✓ 15ú – 26ú Aibreán : Béaltrialacha ardteiste/scrúdú practiciúil ceoil/tís

Fón: 091-553115

Faics: 091-553412

Ríomh-phost: oifig@ccm.ie

Suíomh Idirlíne: www.ccm.ie

Scátáil - Ice Factor

Bhí an-trathnóna ag lucht na céad bliana agus lucht na dara bliana a chuaigh go dtí “Ice-Factor” roimh an Nollaig. Iníon Ní Chonchubhair a d’eagraigh an lá dóibh agus chuaigh Bn Uí Ghríofa leí le aire a thabhairt dóibh ar fad! Bhain siad ar fad triail as agus buíochas le Dia tháinig gach duine slán abhaile!! Seo thíos cuid de na pictúir a tógadh ar an lá, níos mó ar an súiomh idirlín.



Comórtas Ealaíne

Bronnadh duaiseanna ar na daltaí seo ón dara bliain a ghlac páirt i gcomórtas ealaíne an Chomhar Creidmheasa 2012. An téama a bhí i gceist ná “Spiorad an Phobail”.



An Chéad Áit– Clíodhna, Camille, Laura, Mary & Laoise



Marie Nic Fhlannacha ag glacadh duais ar son grúpa ón dara bliain (2ú hÁit) agus **Grace Ní Bhriain** a tháinig sa triú hÁit. Maith sibh!

